Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en, it)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0171(COD)**

**13039/23**
**ADD 1**

**CONSOM 319**
**MI 759**
**COMPET 889**
**EF 273**
**ECOFIN 893**
**DIGIT 185**
**CYBER 216**
**CODEC 1623**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/48/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

# RÁITEAS ÓN IODÁIL MAIDIR LEIS AN TREOIR MAIDIR LE CREIDMHEASANNA TOMHALTÓIRÍ

Tacaíonn an Iodáil leis an gcomhaontú maidir leis an Treoir maidir le creidmheasanna tomhaltóirí.

Cé nach bhfuilimid go hiomlán sásta leis na rialacha maidir leis na **bearta staonta**, measaimid go mbaintear dea-chothromaíocht amach leis an Treoir idir an gá le tomhaltóirí a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht ó mhargadh digiteach atá ag síorathrú agus an gá le dlús a chur faoin iomaíochas sa mhargadh inmheánach.

Is éard a bheadh súil againn leis go gcoinneoidh an Coimisiún agus na Ballstáit súil ghéar ar na samhlacha nua gnó atá ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas, dála '**ceannaigh anois, íoc níos déanaí**', chun cobhsaíocht an margadh um chreidmheasa tomhaltóirí a chosaint agus chun aon choigeartú a mbeadh gá leis amach anseo le héifeachtúlacht na reachtaíochta a chinntiú le himeacht ama.